## Faire éan

Tá clú agus cáil ar Oileán Thoraí mar áit den scoth ó thaobh faire éan toisc an suíomh iargúlta agus na gnáthóga éagsúla. Bíonn éanacha eachtrainn le feiceáil san earrach agus san fhómhar. Bíonn seans ann éanacha neamhchoitianta a fheiceáil go h-áirithe le linn drochaimsire. De ghnáth, is éanacha iad seo ar imirce ó Mheiriceá Thuaidh, Tuaisceart na h-Eorpa agus fiú amháin ón tSibéir. Cé go dtagann an Ghealóg Laplannach agus an Ghealóg Shneachta ar cuairt go minic, bíonn éanacha eile neamh-choitianta le feiceáil cosúil leis an Ghealóg Thuathúil, an Ghealóg Bhroinnbhuí, an Ceolaire Bánlaíoch, an Ceolaire Gort Ríse, an Ceolaire Artach agus an Fhuiseog Ladharghearr.


Sicín Traonaigh


Clochrán

Sa samhradh, bíonn éanacha neide go fairsing ar an talamh bán: An Traonach, Fuiseog agus an Riabhóg Mhóna sna cuibhrinn, an Clochrán agus an Dreoilín i mballaí agus an Cosdeargán agus an Naoscach sa talamh riascach. Breitheann an Gheabhróg, agus go minic an Fheadóg, a gcuid uibheacha i bpoll sa talamh ag brath ar an cheileatram le iad a choinneáil sábháilte. Dá dtiocfadh duine ró-chóngarach do na h-éanacha seo, seans go mbeadh siad scanraithe chun siúil. Má tharlaíonn seo, b'fhéidir go n-imeodh an t-éan ag fágáil na n-uibheacha nó na n-éanacha óga gan chosaint ó éanacha creiche, ar nós Préacháin, Faoileáin nó Meirligh.

Bíonn Faoileáin, Geabhróga agus Geabhróga Artach le feiceáil siar ó thuaidh ón Teach Solais agus Geabhróga Beaga ar an trá ó dheas. Bíonn Meirligh le feiceáil ag dul timpeall ar na coilíneachtaí seo. Bíonn an Gealbhan Binne agus an Gealbhan Crainn le feiceáil thart fán Cloigtheach sa Bhaile Thiar. Bíonn Lapairí le feiceáil ar an trá taobh leis an ché chomh maith le Cága Cosdearg. Tógann traidhfil Lacha Lochlannach a gcuid neadacha anseo agus bíonn siad le feiceáil ag béal an ché fosta.

Tá na beannaí ar an chósta thuaidh agus thoir mar ghnáthóg ag coilíneachtaí móra éanacha farraige. Puifíní, Crosáin, Forachain, Fulmairí agus Saidhbhéir. Cuireann Fabhcúin Gorma, Fiacha Dubha, Cága


Geabhróg bheag


Cág Cosdearg


Cosdearga a gcuid neadacha anseo agus cé nach gcuireann Gainéid neadacha i dToraigh, bíonn siad le feiceáil ag iascaireacht san fharraige. Is féidir turas báid a dhéanamh thart ar an oileán ach teagmháil a dhéanamh leis an Óstán.

## Fiadhúlra eile

Tháinig Deilf óg, "Dougie" a thugtar air, go Toraigh i samhradh na bliana 2006 agus tá muintir an oileáin agus cuairteoirí ag baint aoibhnis as a chuid cleasaíochta ó shin. Is maith leis a bheith ag snámh i gcuideachta leis an bhád farantóireachta agus caitheann sé a lán ama leis na báid iascaireachta fosta. Cé go bhfuil taithí aige ar dhaoine caithfear a chuimhniú gur ainmhí fiáin atá ann. Níor chóir gabháil ró-chóngarach dó ná do lámh a ligean air ar chor ar bith. Ba cheart do bhádaí coinneáil amach uaidh chomh maith.

Ag tús an tsamhraidh is féidir Liamháin Gréine a fheiceáil ón chós-ta. Le blianta beaga anuas chonacthas an Droimeiteach Beag, an Míol Mór Dronnach agus an Cráin Dhubh mar aon le deilfeanna éagsúla. Bíonn go leor rónta le feiceáil i rith na bliana

Thall agus abhus, bíonn dobharchún-na le feiceáil ag seilg cois trá. Is iad na beannaí ar an taobh thuaidh ar an áit is fearr le bheith ag breathnú amach ar rónta is ar mhíolta. Ba chóir a bhei-th iontach cúramach anseo. Ba cheart fanacht siar ó bhruach na haille óir is minic a thiteann píosaí isteach san fharraige mar gheall ar chreimeadh.


Madra uisce


Donnóg Fhéir

Tá ilchumasc de sceir choiréil thart ar chósta an oileáin ag doimhneachtaí éagsúla. Bíonn ceilp ar an chladach agus amuigh níos doimhne, feamainn, spúinsí, ascaidí choiteann, crosóga, coiréil agus hataí an tsagairt. Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar an saol faoi uisce le teagmháil a dhéanamh le 'Toraigh Faoi Thonn'.

Tagann athrú suntasach ar an oileán sa samhradh agus an taobh tíre faoi bhláth. Bíonn magairlín coitianta ar an talamh bán chomh maith le sunais, aiteal agus carrán beag. I measc na bhfeileacán bíonn an Donnóg Fhéir, Peacóg agus an Gormán Coiteann agus i mblianta áirithe Áilleáin le feiceáil.

## An Traonach i dThoraí

Le deich mbliana anuas, tá clú ar Thoraigh mar phríomhbhaile an Traonaigh. Cé go raibh an t-éan seo le fáil go forleathan ar fud na tíre tráth, tá sé go mór i mbaol go domhanda. Ach ab é an obair chaomhnaithe atá déanta ag taighdeoirí, feirmeoirí agus úinéirí talún, bheadh an Traonach i gcontúirt imeacht in éag. Tá Toraigh ar cheann de na corráiteacha sa tír ina bhfuil an *"crex-crex"* le cloisteáil.

Bhí an Traonach chomh fairsing sin, am amháin, nach bhfuil mórán daoine os cionn daichead bliain d'aois anois a bhfuil cónaí orthu faoin tuath nár chuala an scairt seo i rith na h-oíche. Tagann a lán daoine go Toraigh leis an Traonach a chluinstin arís.

Is é an Traonach fireann a bhíonn ag déanamh an scairteadh, tá limistéar ag achan cheann acu agus scairteann siad leis an traonach baineann a mhealladh agus le traonaigh fireanna eile a choinneáil ar shiúl. Bíonn an t-éan baineann ciúin agus í gnóthach ag tógáil neide i rith an tsamhraidh. Cuireann sí a nead i gcuibhreann ina mbíonn féar fada ann agus tógann sí dhá ál achan bhliain.


Traonach

Níl na modhanna talmhaíochta comhaimseartha in úsáid ar an oileán agus fóireann seo go maith don traonach. Bíonn féar fada ann sa tsamhradh agus ní bhíonn tarracóirí móra ann le neadacha a chur i mbaol. Tá líon na dtraonach ag titim áfach (féach ar an Tábla). Tá cúpla cúis le seo de réir cosúlachta; cur isteach ar neadacha, éanacha agus ainmhithe creiche (níl an t-ál ábalta imeacht ar eitleog go dtí go mbíonn siad cúig seachtainí d'aois), bíonn féar fada in easpa i mí Aibreáin nuair a thagann an traonach ón Aifric.

Is féidir an traonach a chluinstin ón bhealach mhór – sa Bhaile Thiar, idir an ché agus taobh thiar den Chlub Sóisialta agus idir an Bhaile Thoir agus Port an Dúin. Is é an an t-am is fearr le iad a chluinstin ná trathnóna brothallach tais i mBealtaine agus i Meitheamh go háirithe.

## Líon na dTraonach i dToraigh

(Traonaigh fireanna) 1993-2007

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1993 | 8 | 2001 | 20 |
| 1994 | 8 | 2002 | 32 |
| 1995 | 12 | 2003 | 34 |
| 1996 | 21 | 2004 | 32 |
| 1997 | 19 | 2005 | 20 |
| 1998 | 19 | 2006 | 22 |
| 1999 | 25 | 2007 | 18 |
| 2000 | 21 | | |




# Éanacha agus Dúlra Oileán Thoraí


BirdWatch Ireland
www.birdwatchireland.ie
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
BirdWatch Ireland,
1 Springmount, Newtownmountkennedy, Co. Wicklow
Phone: (01) 2819878



Gníomh de Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2007-2011)
Grianghraf Clúdaigh: Oileán Thoraigh le Alyn Walsh

# Faire éan ar Oileán Thoraí




## Áiteacha Suimiúla

1 An Chros Tau
2 An Cloigtheach/ Rothair ar cíos
3 Moirsheisear (Tuama – Créafóg Naofa)
4 An Caifé
5 Club Sóisialta
6 Teach Solais
7 Bothán Derek Hill
8 Óstán Thoraí
9 Teach Pobail Cholm Cille
10 Siopa
11 Gailearaí Dixon
12 An Torpedo (Dara Cogadh Domhanda)
13 Dún Bhaloir
14 Leac na Leannán


John Fox

Puifín

## Tábhacht Oileán Thoraí don Fhiadhúlra

Le blianta anuas tá méadú tagtha ar líon na dturasóirí ag teacht go Toraigh. Cé gur rud maith é seo don oileán, tá impleachtaí ann don fhiadhúlra.

Faoi Dhlí na h-Eorpa, tá Oileán Thoraí leagtha amach mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is Limistéar Caomhantais Speisialta cósta an t-oileán.

Tá an slua is mó Traonach in Éirinn ag maireachtáil i dToraigh. Tá coilíneacht ar thábhacht náisiúnta de éanacha farraige ann mar aon le daonra tábhachtach de Lapairí, Geabhróga Bheaga agus Gága Cosdearga. Tógann a lán de na h-éanacha seo a gcuid neadacha ar an talamh, rud a fhágann i gcontúirt iad ó dhaoine ag siúl, ag campáil, ó madaí, quad-rothair agus fiú amháin ó lucht faire éan. Ba chóir a bheith iontach cúramach áit ar bith ina bhfuil éanacha neide ann. I gcás Thoraí, is ionann sin is a rá beagnach gach áit!

## Bheadh muid buíoch dá dtiocfadh le cuairteoirí na treoracha seo a leanas a choinneáil i gcuimhne

- Coinnigí madaí ar téad i gcónaí.
- Fanaigí ar an chosán oiread agus is féidir. Más gá an cosán a thréigean, bígí airdeallach cá h-áit a leagfar bhur gcosa.
- Coinnigí siar ó bhruach na h-aille. Tá creimeadh cósta go h-olc in áiteacha.
- Ná gabhaigí ró-chóngarach do éanacha neide. Má scanraítear éan seasaigí siar.
- Bíodh meas agaibh ar phríobháideachas mhuintir an oileáin agus sibh ag glacadh grianghrafanna.
- Coinnigí Toraigh slachtmhar glan. Bainigí úsáid as na boscaí bruscair, nó más féidir, tugaigí an bruscar ar ais abhaile libh.

## Taisteal go Toraigh

Is féidir bád farantóireachta a fháil go Toraigh ó ché an Bhuna Bhig i rith an gheimhridh. Tuilleadh seirbhísí ó Mhachaire Rabhartaigh i rith an tsamhraidh.

### Teagmháil

- Turasmara Teo (Donegal Coastal Cruises) 07495 31320/31340
- Toraigh na dTonn 0749135920/0868108411

## Lóistín Oíche

Tá rogha lóistín oíche i dToraigh. Tá óstán, teach ósta, árasáin agus go leor B&B.

Tuilleadh eolais: Comharchumann Thoraí Teo (Tory Island Co-op) ar 074 9135502


## Eolas eile

Turas báid: Toraigh na dTonn - 0749135920 / 0868108411

Rothair ar Cíos, 0749165614

Bus ar cíos (14 suíochán): Síob Teo Island Tours, 0876748449

Tumadh: Toraigh Faoi Thonn (Tory Dive Centre), 0749135613


James Peat www.jamespeat.co.uk

Caoróg Mhara


James Peat

An Tor Mór